Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Feabhra 2021
(OR. en)

5916/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0235(NLE)**

**RECH 46**
**COMPET 68**
**ATO 7**
**CADREFIN 50**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14217/20 RECH 537 COMPET 652 ATO 90 CADREFIN 467 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9868/18 RECH 273 COMPET 423 ATO 32 CADREFIN 80 + ADD 1-2 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó<br>- *Glacadh* |

1. An 7 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó[1].

2. Is é is aidhm do thogra ITER maoiniú thionscadal ITER a áirithiú le linn thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 chun rannpháirtíocht Eorpach leanúnach i dtionscadal ITER a chumasú i gcomhréir leis na gealltanais a thug an tAontas mar óstpháirtí don tionscadal idirnáisiúnta seo. De bhun Airteagal 47 de Chonradh Euratom, glacfaidh an Chomhairle Cinneadh ITER d'aon toil.

[1] 9868/18.

3. Tar éis na hoibre a rinneadh sa Mheitheal Chomhpháirteach um Thaighde agus um Cheisteanna Adamhacha ó mhí na Nollag 2018 i leith, a ndearnadh leasuithe ar an togra tosaigh mar thoradh uirthi, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an téacs ag an gcruinniú a bhí aige an 18 Nollaig 2020.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' ar chlár oibre chruinniú a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe agus mar a leagtar amach in 5186/21 é, a ghlacadh.